**M.72T**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000**

# INNEALTÓIREACHT - ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

(Gnáthleibhéal - 200 marc)

DÉARDAOIN, 22 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30

Freagair **Ceist 1, Ranna A agus B**, agus **trí** cheist ar bith eile.


**THALL ®**

Freagair **<u>Ceist 1</u>**, Ranna A agus B, agus **<u>trí</u>** cheist ar bith eile.

**1.** **(65 marc)**


## <u>ROINN A - 30 marc</u>

Freagair **go hachomair <u>sé</u> cinn ar bith** díobh seo a leanas**:**



**(a)** Ainmnigh an pháirt leictreonach a thaispeántar.

**(b)** Luaigh sampla de shaotharchruachan miotail.




**(c)** Cad is cóimhiotal ann?

**(d)** Ainmnigh an tomhsaire agus luaigh feidhmiúchán lena úsáid.

**(e)** Cén phríomhdifríocht atá idir miotail fheiriúla agus miotail neamhfheiriúla?

**(f)** Ainmnigh flosca atá oiriúnach chun sádráil á dhéanamh ar:-
**(i)** sreanga i gciorcad leictreach **(ii)** dhá phíosa práis (cruashádráil).

**(g)** Conas a dhéantar voltas agus sruth a thomhas i gciorcad leictreach?

**(h)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** fheiste aschur ríomhaireachta.

## <u>ROINN B - 35 mharc</u>

Freagair **<u>trí</u>** cinn ar bith díobh seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar fheidhm agus ar oibriú **<u>aon</u>** cheann ar bith díobh seo a leanas:-

**(i)** Iarann sádrála leictreach; **(ii)** Umar tumbhrataithe plaisteach; **(iii)** Teirmeastar.

**(j)** Mínigh **<u>dhá</u>** cheann ar bith de na téarmaí ríomhaireachta seo:


Brabhsálaí, Dealbh, Grafaicí, Bogearraí, As líne.

**(k)** Cad is brí leis an téarma Rialú Uimhriúil Ríomhaireachta (CNC)?

**(l)** Mínigh **<u>dhá</u>** théarma ar bith díobh seo:

Insínteacht, Inslitheoir, Friotóir, Claonadh.

**(m)** Ainmnigh an tomhsaire a thaispeántar agus luaigh feidhmiúcháin le (a), (b) agus (c).



**2.** **(45 mharc)**

**(a)** Mínigh na cóireálacha teasa seo a leanas agus luaigh sampla de na hócáidí ar a n-úsáidtear gach ceann faoi leith díobh.

**(i)** Ainéaladh; **(ii)** Normalú; **(iii)** Cruachan; **(iv)** Faghairt.

**(b)** Ní mór na gialla ar chastaire cruach boige a chosaint ar chaitheamh le linn úsáide. Déan cur síos ar an gcóireáil teasa a usáidtear chuige sin.

**(c)** Mínigh an téarma *lasairchruachan* agus luaigh feidhmiúcháin lena úsáid.

**3.** **(45 mharc)**

**(a)** Luaigh an cineál foirnéise a mbaintear úsáid as chun gach ábhar díobh seo a leanas a tháirgeadh:

**(i)** Muciarann; **(ii)** Cruach bhog; **(iii)** Iarann Teilgthe.

**(b)** Mínigh na téarmaí seo a leanas agus ainmnigh na hábhair a bhfuil na hairíonna sin acu:

**(i)** Brisce; **(ii)** Insínteacht

**(c)** Luaigh na hábhair a mholfá chun iad seo a leanas a dhéanamh. Tabhair fáth le do rogha sa dá chás:

**(i)** Béalmhír iarainn sádrála; **(ii)** Leaba lár-dheile.


**<u>NÓ</u>**

**(c)**

**(i)** seach-chora uirlise; **(ii)** céim-mhotar;
**(iii)** timthriall cannaithe; **(iv)** clár páirte;
**(v)** piocdhruileáil.

**4.** **(45 mharc)**

**(a)** Ainmnigh na céimeanna táthaithe in a, b agus c.




**(b)** Ainmnigh an próiseas táthaithe atá á dhéanamh.

**(c)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** phróiseas táthaithe eile agus déan cur síos ar **<u>cheann amháin</u>** díobh le cúnamh léaráide líne.

**(d)** Cén fáth go n-úsáidtear flosc roisín agus cónaisc leictreacha á sádráil?

**THALL ®**

**5.** **(45 mharc)**


**(a)** Déan cur síos ar easbhrú ***nó*** ar shéidmhúnláil comhábhar plaisteach agus luaigh cad iad na táirgí a chuirtear ar fáil.

**(b)** Roinn an liosta plaisteach seo a leanas de réir 'teirmeaplaistigh' agus plaistigh 'teirmithéachtacha' agus mínigh cén fáth a ndéantar an rangú seo orthu.
**(i)** Aicrileach (Peirspéacs); **(ii)** Roisín poileistir; **(iii)** Polaistiréin; **(iv)** Polúireatán.

**(c)** Ainmnigh na plaistigh a luaitear de ghnáth leis na feidhmiúcháin seo a leanas:
**(i)** Imthacaí; **(ii)** Insliú pacáistithe **(iii)** Cótaí báistí.

**6.** **(45 mharc)**

**(a)** Sainaithin na huillinneacha uirlisí a, b, c, d, e, f.





**(b)** Mínigh an fheidhm atá leis na comhpháirteanna deile seo a leanas:
**(i)** Comhshleamhnán; **(ii)** Comhdhruilire; **(iii)** Uirlis foirbeacháin.

**(c)** Ainmnigh **<u>dhá</u>** réamhchúram sábháilteachta is gá a ghlacadh agus an deil láir á húsáid.


**<u>OR</u>**

**(c)** Mínigh conas a oibríonn an ciorcad soláthair cumhachta a thaispeántar sa léaráid.



**7.** **(45 mharc)**

**(a)** Ainmnigh an cineál oiriúintí a úsáidtear sa chóras pollbhonnach do a, b, agus c.




**(b)** Tá seafta le déanamh de réir na dtoisí 50mm $\pm$ 0.06. Luaigh:
**(i)** An toise ainmniúil; **(ii)** An teorainn uasta; **(iii)** An lamháltas.

**(c)** Mínigh na téarmaí: **(i)** lamháltas déthaobhach agus **(ii)** lamháltas aontaobhach.

**<u>NÓ</u>**

**(c)** Mínigh **<u>dhá</u>** cheann ar bith de na téarmaí seo a leanas:
**(i)** Trasraitheoir; **(ii)** Tomhsaire Bearna; **(iii)** Saotharchruachan.